Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7414/22**

**CONOP 18**
**CODUN 11**
**CFSP/PESC 402**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7050/1/22 REV 1 COPS 106 CONOP 17 CODUN 10 CFSP/PESC 385 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin an Choinbhinsiúin maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Tocsaine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin an Choinbhinsiúin maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Tocsaine, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3859ú cruinniú a bhí aici an 21 Márta 2022.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE ÓN MAIDIR LE NAOÚ COMHDHÁIL ATHBHREITHNIÚCHÁIN AN CHOINBHINSIÚIN MAIDIR LE hAIRM BHITHEOLAÍOCHA AGUS TOCSAINE

1. Is díol sásaimh don Chomhairle Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin an Choinbhinsiúin maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Tocsaine (BTWC) nach fada uainn anois. I gcomhréir le Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta na bliana 2003, athdhearbhaíonn an Chomhairle a tacaíocht gan staonadh do BTWC mar an norm domhanda atá ceangailteach ó thaobh dlí i gcoinne airm bhitheolaíocha agus mar bhunchloch na n-iarrachtaí idirnáisiúnta chun cosc a chur ar oibreáin bhitheolaíocha nó ar thocsainí a bheith á bhforbairt, á dtáirgeadh, á stoc-charnadh nó á bhfáil agus á n-úsáid ar bhealach eile mar airm.

2. Tá an Chomhairle tiomanta go daingean do chur chuige iltaobhach conradhbhunaithe a threisíonn an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta agus a choinníonn ar bun iad. Tá BTWC ar cheann de phríomhcholúin an ollstruchtúir dhomhanda maidir le dí-armáil agus neamhleathadh.

3. Aithníonn an Chomhairle gurbh é BTWC an chéad Choinbhinsiún, in 1975, a chuir cosc ar chatagóir iomlán arm ollscriosta, agus athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá uiliú an Choinbhinsiúin. Ó tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm, rinneadh páirtithe sa Choinbhinsiún de 183 Stát, rud a léiríonn go tréan tábhacht uilíoch BTWC i dtaca le haghaidh a thabhairt ar bhagairtí domhanda. Iarrann an Chomhairle ar gach Stát eile nach ndearna sin fós dul isteach sa Choinbhinsiún agus, go dtí go mbeidh siad aontaithe dó, cloí leis na téarmaí ann.

4. Aithníonn an Chomhairle tábhacht an Phrótacail maidir le húsáid gás aisfisceach, nimhiúil nó eile i gcogadh, mar aon le modhanna baictéareolaíochta cogaíochta, a thoirmeasc, ar a dtugtar Prótacal na Ginéive (1925) chomh maith, a fhorlíontar le BTWC. Iarrann an Chomhairle go n-uileofaí Prótacal na Ginéive agus molann sí na daingniúcháin a rinneadh ó glacadh an Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais a ullmhaíodh i bhfianaise an Ochtú Comhdháil Athbhreithniúcháin in 2015.

5. Aithníonn an Chomhairle go n-úsáidtear oibreáin bhitheolaíocha agus tocsainí go forleathan chun críoch síochánta i gcomhréir le forálacha BTWC. Ag an am céanna, tá an baol ann go scaipfí pataiginí contúirteacha go nádúrtha nó de thimpiste. Le linn phaindéim Covid-19, chonaiceamar cé chomh tapa is féidir le galair teorainneacha a thrasnú agus cé chomh contúirteach agus suaiteach is féidir leo a bheith. Sin é an fáth ar práinní ná riamh BTWC gona chur chun feidhme a neartú.

6. Agus an comhthéacs sin á chur san áireamh, agus i bhfianaise na hoibre substaintiúla a chuir na Stáit is páirtithe i gcrích le linn an timthrialla athbhreithniúcháin reatha, is deis ar leith í an Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin ní hamháin chun an Coinbhinsiún gona chur chun feidhme a neartú, agus an bhithshábháilteacht agus an bhithshlándáil a fheabhsú ar fud an domhain, ach chun cúnamh, comhar, freagairt agus ullmhacht na Stát is Páirtithe a chur chun cinn freisin. Is am tráthúil í an Chomhdháil Athbhreithniúcháin seo chun an norm domhanda i gcoinne airm bhitheolaíocha a threisiú agus BTWC a fhorbairt a thuilleadh chun cosc a chur ar mhí-úsáid oibreán bitheolaíoch agus tocsainí, mar aon le mí-úsáid forbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta, agus a n-úsáid shíochánta a chur chun cinn.

7. Is oth leis an gComhairle gurbh éigean an Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin a chur siar agus gan aon neart air de bharr phaindéim dhomhanda Covid-19 agus cuireann sí i bhfios go láidir ról tábhachtach na gComhdhálacha Athbhreithniúcháin maidir le cur chun feidhme, caomhnú agus neartú BTWC.

8. Tacaíonn an Chomhairle leis gur ghlac an Chomhdháil Athbhreithniúcháin le cinntí agus moltaí réamhbhreathnaitheacha. Cuirfidh siad sin treochlár soiléir ar fáil don chéad timthriall athbhreithniúcháin eile, lena n-áirítear clár láidir idirsheisiúnach.
Is iad seo a leanas tosaíochtaí na Comhairle:

a) muinín as comhlíonadh a chothú;

b) athbhreithniú Eolaíochta agus Teicneolaíochta a bhunú;

c) tacú le cur chun feidhme náisiúnta iomlán;

d) nósanna imeachta comhairliúcháin Airteagal V a oibríochtú chun réiteach a fháil ar aon fhadhb a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le cuspóir nó cur chun feidhme BTWC;

e) oibríochtú Airteagal VII maidir le cúnamh do Stáit a cuireadh i mbaol mar thoradh ar shárú an Choinbhinsiúin;

f) tacú le cur chun feidhme Airteagal X maidir le comhar agus cúnamh a bhaineann le malartú trealaimh, ábhar agus faisnéise chun críoch síochánta;

g) comhlíonadh uilíoch an Choinbhinsiúin a chur chun cinn;

h) Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC agus an ról atá aige a neartú.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht Bhallstáit an Aontais chun toil pholaitiúil a ghríosú agus cur chun feidhme oibleagáidí agus cuspóirí BTWC a chur chun cinn trí thionscnaimh éagsúla le linn an timthrialla reatha athbhreithniúcháin. Tacaíonn an Chomhairle le forbairt tionscnamh praiticiúil amhail na tionscnaimh seo a leanas:

a) sásra comhairleach eolaíoch;

b) sraith de threoirphrionsabail dheonacha d'eolaithe (Cód Iompair);

c) ardán malartaithe le haghaidh cleachtaí deonacha trédhearcachta faoi Airteagal IV maidir leis an gceanglas aon bhearta náisiúnta is gá a dhéanamh chun forbairt, táirgeadh, stoc-charnadh, fáil nó coinneáil arm bitheolaíoch laistigh de chríoch Stáit, faoina dhlínse, nó faoina rialú, a thoirmeasc agus a chosc;

d) bunachar sonraí oibríochtúil agus treoirlínte faoi chuimsiú Airteagal VII;

e) ardán ar líne atá tiomanta don bhithshábháilteacht agus don bhithshlándáil faoi Airteagal X;

f) caighdeáin bainistíochta bithriosca a chur chun cinn.

Tacóidh an tAontas le cinntí ábhartha maidir leis na tionscnaimh sin ag an gComhdháil Athbhreithniúcháin.

10. Measann an Chomhairle gur gné lárnach de chóras iomlán agus éifeachtach dí-armála agus neamhleata é an fíorúchán, lena n-áirítear faoi chuimsiú BTWC. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí réidh le hiniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar shaincheist an fhíorúcháin, agus na forbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta is ábhartha don Choinbhinsiún, chomh maith le héabhlóid na bagartha, á gcur san áireamh. I ndáil leis an méid sin, molann an Chomhairle don Chomhdháil Athbhreithniúcháin dul i mbun gnímh i dtaca le bearta nithiúla gearrthéarmacha lena neartófaí BTWC láithreach agus caibidlíocht a dhéanamh ag an am céanna ar bhearta breise a d'fhéadfadh a bheith ann lena neartófaí cur chun feidhme BTWC, lena n-áirítear tríd an trédhearcacht a mhéadú agus an dearbhú maidir le comhlíonadh a fheabhsú. Iarrann an Chomhairle ar na Stáit is Páirtithe tabhairt faoi na saincheisteanna sin go cuiditheach uaillmhianach.

11. Is díol sásaimh don Chomhairle gur thíolaic na Stáit is Páirtithe líon níos mó ná riamh de thuarascálacha maidir le Bearta Forbartha Muiníne (CBManna) sa bhliain 2021. Molann an Chomhairle go láidir do gach Stát is Páirtí úsáid a bhaint as uirlisí cúnaimh arna maoiniú ag an Aontas, amhail an treoir CBM agus an tsaoráid leictreonach CBM, chun a dtuarascálacha bliantúla CBM a chur faoi bhráid Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme an Choinbhinsiúin. Ina theannta sin, meabhraítear don Chomhairle a tacaíocht sheanbhunaithe do bhearta breise forbartha muiníne, amhail athbhreithnithe piaraí, cuairteanna deonacha agus tionscnaimh eile.

12. Aithníonn an Chomhairle gurb é Sásra an Ard-Rúnaí um imscrúdú ar úsáid líomhnaithe arm ceimiceach, bitheolaíoch nó tocsaineach an t-aon sásra neamhspleách idirnáisiúnta atá ann cheana chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid líomhnaithe arm bitheolaíoch. Meabhraítear don Chomhairle a tacaíocht láidir sheanbhunaithe do Shásra an Ard-Rúnaí agus dá oibríochtú i gcomhréir le Clár Oibre 2018 Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Dí-armáil 'Securing our Common Future' [Ár dTodhchaí Choiteann a Shlánú]. Meabhraítear don Chomhairle gur ghlac sí Cinneadh, an 2 Meitheamh 2020, lena gcuirtear cistiú ar fáil chun tacú le tionscadail atá ceaptha chun Sásra an Ard-Rúnaí a oibríochtú go háirithe maidir le húsáid líomhnaithe arm bitheolaíoch.

13. Ina theannta sin, agus na forbairtí tapa sna heolaíochtaí beatha agus sa teicneolaíocht is ábhartha don Choinbhinsiún á gcur san áireamh, tacaíonn an Chomhairle leis an Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin i dtaca le cumhachtaí cinnteoireachta áirithe a tharmligean chuig Cruinniú na Stát is Páirtithe.

14. Aithníonn an Chomhairle gur ríthábhachtach an tacaíocht a chuireann Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC ar fáil do na Stáit is Páirtithe chun a n-oibleagáidí BTWC a chur chun feidhme agus don chlár oibre idirsheisiúnach. Tacaíonn an Chomhairle go láidir le neartú ról Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear trí phost mar oifigeach eolaíochta agus teicneolaíochta a bhunú laistigh den Aonad sin.

15. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur bunriachtanas le haghaidh fheidhmiú an Choinbhinsiúin iad na ranníocaíochtaí iomlána arna ndéanamh in am ag na Stáit is Páirtithe le buiséad BTWC, lena n-áirítear chun cruinnithe rialta a eagrú agus Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme an Choinbhinsiúin a choinneáil ar bun. Níl aon ghlacadh leis an gcarnadh leanúnach riaráistí atá ar siúl i gcásanna áirithe. Meabhraítear don Chomhairle gurb é is cuspóir don Chiste Caipitil Cuideachta, mar a bunaíodh é in 2018, leachtacht ghearrthéarmach airgeadais a chur ar fáil ag tús na bliana féilire agus gan neamhíocaíochtaí ná riaráistí a chumhdach. Arís eile, iarrann an Chomhairle ar gach Stát is Páirtí a n-oibleagáidí airgeadais faoin gCoinbhinsiún a chomhlíonadh agus a ranníocaíochtaí measúnaithe a íoc in am agus ina n-iomláine. Tathantaíonn an Chomhairle ar na Stáit is Páirtithe atá chun deiridh na suimeanna atá dlite a íoc gan a thuilleadh moille.

16. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur tosaíocht chothrománach thábhachtach don Aontas é an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní agus cuireann sí i dtábhacht a thábhachtaí atá sé peirspictíochtaí inscne a chomhtháthú sa phlé a dhéantar mar chuid de BTWC.
Ba cheart anailís a dhéanamh ar na héifeachtaí inscneshonracha a d'fhéadfadh a bheith ag na hairm sin. Le sonraí inscne-dhíchomhionlánaithe, chomh maith le heolas ar pheirspictíochtaí inscne, féadfar cur le hathléimneacht agus ullmhacht na Stát is Páirtithe agus feabhas a chur ar éifeachtacht an chúnaimh a chuirtear ar fáil faoi na Coinbhinsiúin maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Cheimiceacha.

17. Ina theannta sin, agus í ag tacú go diongbháilte le Gníomh 36 de Chlár Oibre Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Dí-armáil, ina ndírítear ar 'Full and Equal Participation of Women in Decision-Making Processes' [Rannpháirtíocht Iomlán agus Chomhionann na mBan i bPróisis Chinnteoireachta], tacaíonn an Chomhairle go hiomlán le rannpháirtíocht chomhionann na mban agus na bhfear i réimse na dí-armála, an neamhleata agus an rialaithe arm, cuireann sí an rannpháirtíocht sin chun cinn, agus molann sí rannpháirtíocht na mban ag Comhdháil Athbhreithniúcháin BTWC.

18. Tacaíonn an Chomhairle le hoideachas maidir le dí-armáil agus neamhleathadh, lena bhfuil Cuibhreannas an Aontais maidir le Neamhleathadh, líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha, ag rannchuidiú trí ghníomhaíochtaí éagsúla. I gcomhréir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh, molann an Chomhairle go gcuimseofaí an t-aos óg sa díospóireacht i dtaca le BTWC. Chuige sin, meabhraítear don Chomhairle gur ghlac sí Cinneadh an 21 Eanáir 2019 lena gcuirtear cistiú ar fáil chun tacú le tionscadal atá ceaptha chun deiseanna fothaithe acmhainneachta a chur ar fáil d'ógánaigh i measc lucht ceaptha beartais, eolaithe agus lucht acadúil an Domhain Theas a bhíonn ag gabháil do réimsí a bhaineann le BTWC.

19. Cuireann an Chomhairle i dtreis a bharrthábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh toradh dearfach substainteach ar Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin BTWC, athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin agus ar na gealltanais a tugadh roimhe seo, agus réimsí a shainaithint inar cheart tuilleadh dul chun cinn a lorg amach anseo mar aon leis na bealaí ba cheart an dul chun cinn sin a dhéanamh. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé teacht ar chomhthoil maidir le bearta agus cinntí chun an Coinbhinsiún a neartú agus a oibríochtú. Is é cinneadh na Comhairle rannchuidiú go gníomhach le Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin BTWC, lena n-áirítear trí thograí don Chomhdháil Athbhreithniúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí nithiúla a bheidh dírithe ar an todhchaí. Chuige sin, tá rannchuidithe ag Ballstáit an Aontais leis an Timthriall Athbhreithniúcháin reatha trí bhíthin Páipéir Oibre. Glacfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit cur chuige gníomhach cuiditheach i leith na caibidlíochta ag an gComhdháil Athbhreithniúcháin.